13497 Land Reg COV IRE 31/8/05 12:49 pm Page 1

Land Registry
Registry of Deeds
Clárlann na Talún
Clárlann na nGníomhas

tuarascáil bhliantúil 04

mapáil digiteach
foilsiúnna infhaighte go leictreonach
rochtain ar-líne



13497 Land Reg TXT IRE 31/8/05 12:36 pm Page 1

An Clár

Forbhreathnú	2
Réamhrá	5
Seirbhís Custaiméara	7
Cairt Chustaiméara	8
Athchóiriú agus Nua-aoisiú	11
Córais Eolais	12
Íomháú Doiciméid	14
Chlár Leictreonach	17
Teidil Cláraithe	18
Aonaid Seirbhísí Custaiméara	19
Cumann Eorpach	21
Scrúdán Seachtrach	24
Mapáil Digiteach	26
Clárlann na nGníomhas	27
Tuarascáil Airgeadais	28
Aguisíní	31
Gluais	33
Teagmhálaithe	35

13497 Land Reg TXT IRE 31/8/05 12:36 pm Page 2

Forbhreathnú

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil agus Ráiteas Airgeadais Chlárlann na Talún agus Chlárlann na nGníomhas do 2004 a chur i láthair.

I dtéarmaí spriocanna uaillmhianacha a bhaint amach agus tograí dúshlánacha a thabhairt i gcrích bliain rathmhar ab ea 2004 do na Clárlanna. Ainneoin gur tógadh isteach níos mó oibre ná riamh, agus trí oibriú mar fhoireann, tionscnaíocht, agus diongbháilteacht, d'éirigh le foireann na Clárlainne aschur a mhéadú go suntasach go dtí 206,000 cás, ar deineadh breis is 330,000 clárúchán dá ndroim, freastalaíodh ar an éileamh reatha ó na custaiméirí agus ina theannta sin laghdaíodh ar mhéid na hoibre atá idir lámha i gcónaí.

Céim ar chéim leis an mbuaic aschur seo, tugadh Íomháú Doiciméid, a thosaigh i 2002, i gcrích ar sceideal agus laistigh de bhuiséad i Lúnasa 2004. Chuimsigh an togra guasachtach seo cruinnaistriú chnuasach thar 110 bliain de thaifid ar pháipéar go formáid leictreonach, agus ar an mbealach foireann iomlán de eolas inrochtain a sholáthar do chustaiméirí. Lasmuigh de na héifeachtaí gnótha a tháinig de dhroim na hoibre seo, níl cur síos ná insint ar na buntáistí a ghin eilimintí "athshlánú tubaiste" agus "leanúnachas gnó" an togra.

1. Forbairt Cónaithe/Miondíola Sráid Mayor, Baile Átha Cliath.
   Le caoin chead Anthony Reddy Associates.
2. Coláiste na Tríonóide INS/ITEC Baile Átha Cliath 2.
   Le caoin chead Michael McNamara & Co.

13497 Land Reg TXT IRE 31/8/05 12:36 pm Page 3

FORBHREATHNÚ

De thoradh ar fhorbairt leanúnach ar Sheirbhís Rochtana Leictreonach (EAS) Chlárlann na Talún táimid sa riocht anois go ndéantar geall le 3,500 idirbheart gnó ar-líne in aghaidh an lae tríd an EAS agus meastar go ndéanann 80% de chustaiméirí na gClárlann Talún rochtain ar sheirbhísí éigin tríd an EAS.

I 2004 den 769,000 seirbhís leictreonach ar bhain custaiméirí feidhm astu soláthraíodh 86% díobh ar an toirt, rud ba mhór i gcomparáid leis an leibhéal seirbhíse a fhéadfaí a sholáthar ar an gcóras traidisiúnta láimhe. Ag searmanas dámhachtana i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i Mí an Iúil bhronn an Taoiseach, Mr. Bertie Ahern T.D. dámhachtain ar Chlárlann na Talún/Chlárlann na nGníomhas mar aitheantas ar ár Seirbhís Rochtana Nuálach Leictreonach agus ar fheabhas a seirbhís do chustaiméirí. Bhí an dámhachtain tuillte go maith ag an bhfoireann uile a thug oiread sin do nua-aoisiú ár seirbhísí trí chéile agus do fheabhas a chur ar leibhéil ár gcuid táirgíochta.

Ar ábharaí an tsaoil, tá an forbhreathnú seo ar imeachtaí 2004 á scríobh agam tamall gearr tar éis do Chlárlann na Talún a bheith roghnaithe mar bhuaiteoir ar Dhámhachtain ríomhSheirbhísí an Public Sector Times chatagóir is fearr don Rialtas Láir agus chomh maith leis sin sa chatagóir is Fearr ríomhSheirbhíse Rialtais trí chéile. Fáiltímid roimh na dámhachtainí seo, mar chomhartha eile fós ar aitheantas do na blianta pleanála agus feidhmiúcháin chun na Clárlanna a chlaochlú ar chuma go ndúirt an painéal moltóireachta fúthu gur eagraíocht iad a **"léirigh tiomantacht agus nuálacht thar an ngnáth ina cur chuige do fheidhmiúchán ríomhsheirbhísí Rialtais in Éirinn"**. Níorbh fhéidir an bua seo a bhaint amach in éagmais cur chuige comhoibritheach, a chuimsigh ár bhfoireann, ár gcustaiméirí agus páirtithe eile leasmhara agus ár bpáirtnéirí teicneolaíochta, agus deirim "go raibh maith agat" lán dáiríre leo uile.

13497 Land Reg TXT IRE 31/8/05 12:36 pm Page 4

FORBHREATHNÚ

Ba mhaith liom chomh maith mo bhuíochas a chur in iúl do bhaill Bhord na gClárlanna, faoina gcathaoirleach, Mr. Joe Moran, as a mbuantacaíocht agus treoir i gcaitheamh na tréimhse seo inar tharla athruithe nach bhfacthas a leithéidí riamh cheana.

I saol síorathraitheach na ríomhaireachta is cuí chomh maith gur glacadh leis na dámhachtainí seo sa bhliain atá ceaptha le tograí móra eile a chur chun cinn, ina measc Clárlann na nGníomhas a chur lenár Seirbhísí Rochtana Leictreonacha agus córas nua Digiteach Mapála a thabhairt isteach. Meastar go ndéanfaidh an dá thogra seo leas suntasach leanúnach ár gcustaiméirí agus go leanfar den bhforás ar leibhéal úsáide ár seirbhísí leictreonacha agus ar shástacht ár gcustaiméirí lenár seirbhísí.

Tá an dul chun cinn seo ag teacht leis an mór dhul chun cinn atá ar bun faoi láthair san oll-chomhthéacs gnó ina bhfeidhmímid. Ar an 25ú Samhain seo caite labhair mé le Comhdháil a d'eagraigh an Coimisiún um Athchóiriú Dlí ar ríomhthíolacadh. Is léir nach bhfuil aon cheist anois ann maidir le ríomhthíolacadh a bheith ag teacht. Níl i gceist anois ach cathain agus conas a tharlóidh sé. Is é is dúshlán anois dóibh sin lena mbaineann sé ná dianullmhúchán a dhéanamh faoina chomhair agus is féidir talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh Clárlann na Talún de sin.

Agus sinn ag gluaiseacht go mear agus níos faide isteach in aois na ríomhaireachta is ceart dúinn ár machnamh a dhéanamh ar an saol atá imithe agus meas a bheith againn air. Agus sin ar aigne againn tá pleananna á ndéanamh faoi láthair le ceiliúradh a dhéanamh ar chomóradh trí chéad bliain Chlárlann na nGníomhas i 2007. Tugaimíd aghaidh le lánmhuinín ar leanúint den obair le fíor nua-aoisiú a dhéanamh ar sheirbhísí na gClárlanna, agus sinn feasach gurb é seo an moladh is fearr a fhéadfaí a thabhairt dóibh sin a leag an bonn romhainn, agus sinn ag ceiliúradh an chothroim 300 bliain dúinn.

Catherine Treacy

Príomhfheidhmeannach agus Cláraitheoir na nGníomhas agus Teideal



13497 Land Reg TXT IRE 31/8/05 12:36 pm Page 5

Réamhrá

Chun críche comparáide choinníomar struchtúr den chineál céanna ar mhórán de thuarascáil na bliana seo agus a bhí ar thuarascála na mblianta roimhe seo. Nuair is féidir sin taispeántar staitisticí na mblianta roimhe seo lámh leo sin do 2004. I gcásanna áirithe áfach, baineann deacracht le comparáidí, mar is tar éis críochnaithe ar an togra um Íomháú Doiciméid agus cruthú bunachar sonraí do láninnéacs leictreonach ainmneacha amháin a bhí ar ár gcumas taifead cruinn a dhéanamh ar staitisticí maidir le seirbhísí áirithe.

Clárlann na Talún

	Bliain	Tógáil Isteach	Aschur	Cásanna idir lámha ar an 31/12/2004
Iarratais+	2004	202,540	205,815	178,750
	2003	189,808	177,247	184,125
	2002	158,783	157,915	169,089
Deimhniú*	2004	348,850	352,029	8,110
	2003	302,849	314,899	12,337
	2002	248,774	249,327	21,611

+Cuimsíonn na figiúir do "Iarratais" Déileála, Iarratais faoi alt 49, Céadchlárúcháin agus Sceidil Choimisiún Talún na hÉireann. Is féidir clárúchán amháin nó níos mó a éirí ó aon iarratas amháin.

*Cuimsíonn na figiúir ar dheimhniú na hiarratais ar Chóipeanna Deimhnithe de Fhóiliónna agus Pleananna Comhdaithe, Deimhnithe Talún, Deimhnithe ar Mhuirear, Cóipeanna deimhnithe ar Ionstraimí agus torthaí ar Chuardaigh ar Léarscáileanna Oifigiúla, a deimhníodh agus a eisíodh.

Tá miondealú níos mioninste ar na catagóirí seo ar fad in Aguisín 1

13497 Land Reg TXT IRE 31/8/05 12:36 pm Page 6

Seirbhísí eile

Le linn 2004 tháinig méadú suntasach ar líon na gcuardach a dhein ár bhfoireann agus líon na ndoiciméad a soláthraíodh lena n-iniúchadh ar an idirlíon nó ag ár gcuntair phoiblí. Toisc go raibh na figiúir do bhlianta roimhe seo bunaithe ar chomhaireamh láimhe ní féidir comparáidí bailí a dhéanamh. Is iad seo a leanas na figiúir ábharacha do 2004.

Seirbhísí agus Iniúchtaí	
Iniúchadh Fóiliónna	510,279
Cuardaigh ar Innéacs Ainmneacha	155,013
Cuardaigh Léarscála	66,040 (iniúchtaí ag cuntar poiblí)
Iomlán	**731,332**

Aschur: Clárlann na nGníomhas

	2004	2003	2002
Seirbhís Clárúcháin	83,464	76,496	64,028
Seirbhís Cuardaigh	295,790	261,095	231,779
Seirbhís Cóipeála	5,081	4,754	4,147

Tá na figiúir ábharacha do 2002 agus 2003 léirithe againn chomh maith. Bhain gach ceann de na catagóirí figiúr nua buaice amach i gcaitheamh 2004 – leagadh síos na buaicfhigiúir roimhe sin i 2003. Tá Clárlann na nGníomhas bord ar bhord le dáta agus tá sí fós ag feidhmiú ar an ní a meastar anois a bheith ina "obair idir lámha".

1. Ionad Oideachais Mhuineacháin Cnoc an Chonaidh, Muineachán.
   Le caoin chead McGarry Ni Eanaigh Ailtirí.
2. Áis Oideachais agus Taighde RCSI- Teach Eabhrach, Baile Átha Cliath 2.
   Le caoin chead Michael McNamara & Co.

13497 Land Reg TXT IRE 31/8/05 12:36 pm Page 7

Seirbhís Custaiméara

Eiseamláirí Náisiúnta i Scothsheirbhísí Poiblí

Ag searmanas dámhachtana i gCaisleán Bhaile Átha Cliath Déardaoin an 8ú Iúil, bhronn an Taoiseach, Mr Bertie Ahern, TD dámhachtainí do réimsí áirithe laistigh den seirbhís Stáit agus Phoiblí mar aitheantas ar a gcuid tograí nuálacha agus feabhas a gcuid seirbhíse do chustaiméirí. Bhí Clárlann na Talún agus Clárlann na nGníomhas ar na buaiteoirí i leith a gcuid seirbhísí Leictreonacha.

Bhí an dámhachtain ina haitheantas tráthúil agus ina mhórmholadh ar fhoireann uile na gClárlanna a chuidigh le nua-aoisiú ár seirbhísí agus le feabhsú leibhéil ár gcuid táirgíochta. Cúis misnigh an t-aitheantas poiblí seo do gach aon duine a bhí páirteach i bhforbairt, i bhfeidhmiúchán agus in oibriúchán leanúnach a bhain seo amach. Dhein an dámhachtain treisiú suntasach ar ár n-iarrachtaí agus céimeanna eile fós á nglacadh againn maidir le forfhorbairt ár gcóras ríomhairithe agus an feabhsú leanúnach ar sheachadadh ár gcuid seirbhísí.

13497 Land Reg TXT IRE 31/8/05 12:36 pm Page 8

Cairt Chustaiméara

Suirbhé Custaiméara agus Cairt Chustaiméara

Faoin Tionscnamh um Chairt Chustaiméara a sheol an Taoiseach i Mí na Nollag 2002 d'iarradh ar gach Roinn/Oifig Rialtais Cairt Chustaiméara a ullmhú agus a fhoilsiú i rith 2004. Déanann Cairt Chustaiméara cur síos ar an leibhéal seirbhíse a dtig le custaiméir a bheith ag súil leis ó eagraíocht.

Mar ullmhúchán ar dhréachtadh na Cairte deineadh Suirbhé Custaiméara in Aibreán 2004. Eisíodh 147 ceistiúchán do bhonn tíreolaíoch samplach Aturnaetha, ainmnithe den chuid is mó ag a gComhairlí Barra áitiúla. Eisíodh 17 gceisteachán eile do na príomhinstitiúidí airgeadais. Deineadh suirbhé chomh maith ar dhornán de cheannairí ar chomhlachtaí Ghníomhaireachtaí Dlí. Iarradh orthu sin ar deineadh suirbhéireacht orthu rátáil sástachta a dhéanamh ar ár seirbhísí agus moltaí a dhéanamh maidir le feabhsuithe a thaitneodh leo go dtabharfaí tosaíocht dóibh. Bhí áthas orainn ardráta freagrachta a fháil agus ba mhaith linn an deis seo a thapú le buíochas a ghabháil leo sin ar fad a bhí rannpháirteach.

Agus an tsuirbhéireacht críochnaithe agus a thuilleadh comhairleoireachta a dhéanamh go hinmheánach cinneadh ar dhá Chairt Chustaiméara a ullmhú – ceann do Chlárlann na Talún agus ceann ar leith do Chlárlann na nGníomhas. Tá na tiomantais a leagtar amach sna Cairteanna bunaithe ar an 12 Prionsabal um Sheirbhís Ardchaighdeáin Custaiméara agus tógtar ceann iontu chomh maith de chuid de na tosaíochtaí a shainigh custaiméirí sa suirbhéireacht. Tá sainspriocanna seachadta sna Cairteanna do na Clárlanna maidir le seirbhísí áirithe.

Cé nach féidir freastal láithreach bonn ar gach aon riachtanas custaiméara mar a aithníodh sna suirbhéireachtaí iad, tabharfar tosaíocht do chuid acu sa straitéis forbartha sna blianta atá rómhainn. Ar na príomhthosaíochtaí a d'aithin na freagróirí bhí an gá a

13497 Land Reg TXT IRE 31/8/05 12:36 pm Page 9

bhí le feabhsú ar an méid ama ina ndéantar próiseáil ar "aistrithe ar pháirt". Is dóigh linn go mbeidh de thoradh ar fheidhmiúchán ár dTogra um Mhapáil Digiteach (tá mionsonraí faoi seo rianaithe ar leathanach 26 den tuarascáil seo) go ngiorrófar go mór an méid ama a chaitear lena leithéid de chásanna agus le hiarratais eile mar is gá mapáil.

Tá próiseas um ghearáin bunaithe do na Clárlanna chomh maith. Tá na Cairteanna agus Nós Imeachta do Ghearáin, a foilsíodh i Mí na Nollag 2004 ar fáil anois i bhformáid PDF ar ár suíomh idirlín agus mar leabhrán in ár n-oifigí poiblí ar fad.

Monatóireacht agus Tuairisciú

Léiríonn figiúir do Mhí na Nollag 2004 go bhfuil na spriocanna ama le cóipeanna de fhóiliónna agus de phleananna fóiliónna/comhdaithe a iarrtar tríd an EAS a chur ar ais á mbaint amach anois. Léiríonn figiúir mhí na Nollag 2004 chomh maith gur seachadadh clárúcháin agus seirbhísí uile Chlárlann na nGníomhas ag teacht leis na tiomantais sa Chairt Chustaiméara. Dhein feabhsuithe ar Fhoirm leictreonach 17 níos cairdiúla í agus tá uimhreacha tagartha do na cineálacha seo iarratas ar fáil ar-líne láithreach bonn. Aithníodh uaireanta rochtana leictreonach mar cheist sa suirbhéireacht chomh maith agus tá síneadh curtha leo sin ó shin – tá an EAS ar fáil anois ó 8r.n. go dtí 8i.n. Ó Luan go hAoine. Tá togra le Treoracha Cleachtais Chlárlann na Talún a athbhreithniú le tosú i 2005.

Déanfaimid monatóireacht ar ár gcomhlíonadh sa bhliain atá romhainn le deimhin a dhéanamh de go bhfuil na tiomantais atá déanta againn sna Cairteanna á bhfeidhmiú. Déanfaimid tuairisciú ar ár ndul chun cinn i bhfrithshuíomh leis na spriocanna atá leagtha amach sna Cairteanna sa Tuarascáil Bhliantúil gach bliain.

An Ghaeilge

Tá foireann na gClárlann tiomanta do sheirbhís ardchaighdeán custaiméara a sholáthar. Clúdaíonn sin tiomantas do áisiúlacht a dhéanamh dóibh sin ar mian leo a ngnó leis na Clárlanna a dhéanamh as Gaeilge.

Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Ullmhóidh na Clárlanna "dréachtscéim" mar a éilíonn an tAcht nuair a iarrfaidh an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta orthu é. Idir an dá linn tá na socruithe seo a leanas déanta

1. Comhfhreagras: Cuirfear freagra i nGaeilge ar gach aon chomhfhreagras i nGaeilge a thagann isteach.

13497 Land Reg TXT IRE 31/8/05 12:36 pm Page 10

2. Iarratais: Déanfaidh ár bhfoireann Ghaeilge próiseáil trí Ghaeilge ar gach iarratas ar chlárúchán a taisctear i nGaeilge.

3. Suíomh Idirlín: Beidh aistriúchán ar ár suíomh idirlín ina chuid den dréachtscéim. Idir an dá linn tá na hacmhainní seo a leanas ar fáil i nGaeilge ar ár leathanach Gaeilge ar an suíomh idirlín:

- Foirmeacha iarratais ar Chóip de fhóilió, Coip de fhóilió/phlean comhdaithe, Léarscáil scéime, Foirm 17 agus foirmeacha iarratais ar Dheimhniú Talún
- Eolas maidir leis na feidhmeanna agus na seirbhísí a sholáthraíonn na Clárlanna
- Leagan Gaeilge den Acht um Chlárú Teidil 1964 inrochtain trí nasc ar ár suíomh idirlín le www.achtanna.ie
- Tá leaganacha dátheangacha ann de Chairt Chustaiméara Chlárlann na Talún, de Chairt Chustaiméara Chlárlann na nGníomhas agus de Nós Imeachta do Ghearáin Chlárlann na Talún.

Treoracha Cleachtais

Nuathogra do 2005 is ea athbhreithniú ar na Treoracha Cleachtais ar an suíomh idirlín. Foilseofar na Treoracha Cleachtais athbhreithnithe ar bhonn céimnithe ar an suíomh idirlín.



1. Cearnóg an Easpaig, Forbairt Oifige Chnoc Mhic Réamoinn, Baile Átha Cliath 2.
   Le caoin chead Michael McNamara & Co.
2. Árasáin Rae Scarlet Teampall anBharra, Baile Átha Cliath 2.
   Le caoin chead McGarry Ni Eanaigh Ailtirí.
3. N22 Baile an Chollaigh
   Le caoin chead ÚBN

13497 Land Reg TXT IRE 31/8/05 12:36 pm Page 11

Athchóiriú agus Nua-aoisiú

Athchóiriú agus Nua-aoisiú ar Dhlí Talún na hÉireann

Sheol an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Michael McDowell, T.D. Páipéar Comhairleach dár teideal *Athchóiriú agus Nua-aoisiú ar Dhlí Talún agus Dlí Tíolactha na hÉireann* Déardaoin 28ú Deireadh Fómhair 2004. Bhí mórchomhdháil i Halla O'Reilly, Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath a tionóladh agus a óstaíodh ag an Aire agus ag an gCoimisiún Athchóirithe Dlí, Déardaoin 25ú Samhain 2004 ina chuid tábhachtach den phróiseas comhairliúcháin. Chuir an príomhchainteoir, an tOllamh John Wylie, duine de na mórúdair ar dhlí mhaoine na hÉireann, a thuairim in iúl, nach bhfuil feidhm a thuilleadh le mórán de reachtaíocht talún na hÉireann a bhfuil mórán di ann ón 13ú hAois, atá ag cailliúint éifeachta agus ábharthacht toisc go n-eascrann cuid di as ré atá imithe. Lean an tOllamh Wylie air ag rá "Is trascrach an rud é go bhfuil oiread sin reachtaíochta fós i bhfeidhm ón ré feodach agus is mithid do Stát neamhspleách, atá ann le breis is ochtó bliain, a chuid bagáiste stairiúil a chur de dhroim seoil. Tá ceannach baile ina idirbheart fíorthábhachtach do mhórán daoine agus is ceann é arbh fhéidir é a bheith le déanamh níos mó ná an t-aon uair amháin le saol duine. Níl aon amhras ach go bhfuil an lá ag teacht nuair nach dtuigfidh baill den phobal cad ina thaobh, in aois seo na ríomhaireachta, go leanann mórán éiginnteachta le hidirbheart tíolactha, go mbaineann tóir mhór páipéir leis agus go gcaitear mórán ama lena thabhairt chun críche".

Dhírigh an Chomhdháil ar na moltaí a rianaíodh sa Pháipéar Comhairleach an Choimisiúin Athchóirithe Dlí arbh aidhm dóibh nuashonrú a dhéanamh ar an dlí lena tabhairt bord ar bhord leis na hathruithe sa sochaí, nua-aoisiú a dhéanamh ar Chlárlann na Talún, simpliú na dlí, na teanga a ghabhann léi agus an próiseas tíolactha a chur chun cinn, agus ar deireadh thiar an chonair a réiteach le córas ríomhThíolactha a thabhairt isteach.

Labhair raon fairsing cainteoirí ag an gComhdháil. Orthu sin bhí Catherine Treacy, Príomhfheidhmeannach agus Cláraitheoir na nGníomhas agus na dTeideal, agus John O'Sullivan, Bainisteoir na gCóras Eolais Teicneolaíochta, a rianaigh an dul chun cinn a bhí déanta in Éirinn agus thug léiriúchán ar na pleananna don todhchaí. Dob í an Chomhdháil tosach an phróisis Comhairliúcháin ag an gCoimisiún Athchóirithe Dlí tar éis foilsithe a chuid moltaí sealadacha, agus atá ar fáil acu sin ar fad ag a bhfuil suim in athchóiriú chóras tíolactha na hÉireann. Tá sé i gceist go mbeadh an dréacht den nuareachtaíocht ar fáil i 2005 nuair a bheidh an Tuarascáil Deiridh foilsithe ag an gCoimisiún. Le blianta beaga anuas bhí oifigigh ó Chlárlann na Talún ina rannpháirtithe gníomhacha ar roinnt fochoiste ag cuidiú le foilsiú na tuarascála. Táimid anois ag dréim len a thuilleadh forbartha sa réimse seo.

13497 Land Reg TXT IRE 31/8/05 12:36 pm Page 12

Córais Eolais

Forás leanúnach sa Seirbhís Rochtana Leictreonach

Lean an fhorbairt ar Sheirbhís Rochtana Leictreonach Chlárlann na Talún i gcaitheamh 2004. Don chúigiú bliain as a chéile lean forás ar líon na n-úsáideoirí agus ar mhéid na gníomhaíochta. Tá garléiriú ar leibhéal na gníomhaíochta sna cúig bliana seo caite sa tábla seo thíos. I gcaitheamh 2004 amháin d'fhás líon na n-idirbheart 54%.Ní bhaineann na figiúir sin ach le hidirbhearta ar a ngearrtar táille. Ina dteannta sin deineadh freastal ar na mílte fiosrú gnó ar-líne nach ngearrtar táille orthu.

Deireadh na bliana	2000	2001	2002	2003	2004
Líon Suibscríobhaí	1,700	2,900	4,400	6,120	7,500
Líon na n-idirbheart gnó	123,943	159,807	274,561	497,560	769,058
Táillí Bliantúla isteach ó EAS	€621,897	€1,059,704	€2,259,327	€3,258,681	€4,091,384

Táimid anois sa riocht:

- Go bhfuil 80% measta de bhunachar póitéinsiúil Chlárlann na Talún ag rochtain seirbhísí éigin trí EAS
- go ndéantar os cionn 80% de na hiarratais ar chóipeanna de fhóiliónna agus de léarscáileannna comhdaithe, ar-líne
- go ndéantar geall le gach aon iniúchadh ar fhóiliónna agus ar phleananna comhdaithe agus geall le gach aon chuardach ar innéacs na n-ainmneacha ar-líne
- go bhfuil geall le 3,500 idirbheart gnó á ndéanamh in aghaidh an lae tríd an EAS.
- Go ndéantar 86% de na seirbhísí seo go hiomlán ar bhonn féinseirbhíse

1. Baile Munna, Céim 1.
   Le caoin chead
   Levitt Berntein
2. N11 Áth na Fuinnseoige
   Le caoin chead ÚBN

13497 Land Reg TXT IRE 31/8/05 12:36 pm Page 13

Ríomhfhoirm 17 um Thaisceadh Leictreonach

Cláraíodh fás suntasach chomh maith ar líon na n-iarratas ar chlárúchán (Ríomhfhoirm 17) a taisceadh, a d'fhás 130% ó 13,753 i 2003 go dtí 31,964 i 2004.

Is léir ó thaithí i ndlínsí eile go gcuireann rochtain leictreonach ar eolas Chlárlann naTalún le húsáideacht agus le luach a leithéid de eolas. Is léir chomh maith go n-eascrann margaí nua don eolas, i dteannta na soláthróirí seirbhíse maoine agus cuideachtaí um eolas airgeadais, ag áireamh gníomhairí eastáit, fóntais phoiblí, údaráis phleanála, institiúidí airgeadais agus gníomhaireachtaí creidmheasa atá ag úsáid na seirbhíse faoi láthair.

13497 Land Reg TXT IRE 31/8/05 12:36 pm Page 14

Íomháú Doiciméid

Críochnú Togra um Íomháú Doiciméid

Agus éirithe go luath leis an Seirbhís Rochtana Leictreonach bhí tasc guasachtach le déanamh in aistriú chnuasach thar 110 bliain de thaifid ar pháipéar go formáid leictreonach. Agus clár anailíse déanta le sainchomhairle seachtrach, bhreathnaíodh ar roghanna éagsúla a dtógfadh sé fiche bliain cuid díobh a thabhairt chun críche. Dhein an réiteach a roghnaíodh, chomh maith le meicníocht a sholáthar lenár dtaifid fóiliónna a bheith ar fáil ar dháta i bhfad níos túisce, ceadú ar sholáthar léarscáil ar phlean comhdaithe chomh maith leis an bhfóilió agus ar an mbealach sin foireann iomlán níos fairsinge eolais a bheith ar fáil do chustaiméirí. Tosaíodh ar an obair seo i gcaitheamh 2002 agus críochnaíodh ar sceideal agus laistigh de bhuiséad í i Lúnasa 2004. Faoin togra seo, agus feidhm á baint as sainscileanna sainbhiúró deineadh scanadh agus innéacsú sistéimeach ar 6.4 milliún leathanach de thaifid oifigiúla. Dá thoradh seo tá raon de leasa bainte amach do chustaiméirí agus d'fhoireann Chlárlann na Talún. Ina measc sin tá:

Seirbhís feabhsaithe do Chustaiméirí

Léirigh suirbhéanna custaiméara gur áirigh breis is 80% de na custaiméirí ar deineadh suirbhéireacht orthu teacht pras ar chóipeanna de thaifid oifigiúla mar cheann de na trí thosaíocht ab airde acu. San am atá caite ba ghá do chustaiméirí turas a thabhairt ar oifig amháin nó níos mó chun na sonraí agus na doiciméid ar fad a bhí ann a rochtain. Ó chríochníodh an togra íomháithe tá rochtain ar-líne ag na custaiméirí san oifig nó sa bhaile ar fhóiliónna uile Chlárlann na Talún, ar phleananna comhdaithe agus ar shonraí innéacs na n-ainmneacha. Ciallaíonn seo mórfheabhas maidir le seirbhís custaiméara.

13497 Land Reg TXT IRE 31/8/05 12:36 pm Page 15

Méadú ar ríomhghníomhaíocht

Bhí coinne le méadú suntasach ar líon na suibscríobhaithe don Seirbhís Rochtana Leictreonach agus le méadú i gcoibhneas leis sin san úsáid a bhainfeadh gach suibscríobhaí as an tseirbhís (de réir mar a éilíonn siad radharc ar shonraí ar líon níos mó maoine) agus mar is léir ó na staitisticí deineadh seo a sheachadadh.

Sábháil i gcóiríocht oifige agus stórála

Laistigh de na trí bliana seo caite aistríodh geall le 1.75 milliún fóilió páipéar agus 1.5 milliúnn plean comhdaithe páipéar as ár n-oifigí. Tharla sábháil suntasach spáis dá thoradh seo. Chomh maith leis sin seachnóidh an togra an gá a bheadh le háiseanna nua stórála a fháil do na doiciméid pháipéir a bheadh ag carnadh i gcónaí ina éagmais.

Laghdú ar eochrú

Gabhadh méid suntasach sonraí ar gach aon mhaoin nuair a deineadh íomháú ar na fóiliónna agus ar na pleananna comhdaithe. Tá sonraí criticiúla ar fáil anois agus dá bhrí ní bheidh aon ghá iad a eochrú arís. Nuair a tharlóidh idirbheart ar mhaoin nach bhfuil ann di ach íomhánna, seachas taifead struchtúrtha digiteacha, beidh an cleachtas gafa sonraí laghdaithe go suntasach. Chomh maith leis sin soláthraíodh áis roghnach aitheantais chun gur féidir le foireann ar a dtiteann eochrú ar shonraí ó íomhánna fóilió téacs clóbhuailte nó clóscríofa a roghnú agus a dhigitiú agus a aistriú go dtí fóilió struchtúrtha "ar eitleog".

Sábháil ag oifigí áitiúla

Chuir feidhmiúchán an togra deireadh le bheith ag brath ar na 24 oifig áitiúil a oibríonn faoi láthair laistigh de Thithe Cúirte Cuarda le fóiliónna agus innéacsanna páipéar dúblacha a chothabháil. Tá rochtain ar-líne tugtha do na hoifigí áitiúla ar na fóiliónna, innéacsanna ainmneacha, agus pleananna comhdaithe uile agus ní bheidh aon ghá feasta cóipeanna páipéar a chothabháil. Roimhe seo níor choinnigh aon oifig áitiúil ach fóiliónna agus innéacsanna ainmneacha a bhain leis an gcontae sin. Tá sábháil suntasach ar oifig agus ar fhoireann dá thoradh seo. Tig le custaiméar a ghlaonn ar oifig áitiúil anois teacht ar fhóiliónna, pleananna comhdaithe agus eolas innéacs ainmneacha do chontae ar bith.

1. M8 Caiseal
Le caoin chead ÚBN

2. Inst. Bhreisoideachais Dhroichead Átha, Droichead Átha
Le caoin chead McGarry Ni Eanaigh Ailtirí

13497 Land Reg TXT IRE 31/8/05 12:37 pm Page 16

Leanúnachas gnó

Le teacht na bhfóiliónna agus na bpleananna comhdaithe leictreonacha tá áiseanna cúltaca agus athshlánaithe tubaiste againn gan a bheith ag brath ar chomhaid ar pháipéar in oifigí áitiúla. Tá an t-ábhar leictreonach coinnithe le costéifeacht ar-líne agus cúltaca in ilsuímh. Le fírinne, tá straitéis inmharthana athshlánaithe tubaiste ann trí scáthánú ar roinnt trealaimh agus ar na sonraí ar fad ag an dara suíomh.

13497 Land Reg TXT IRE 31/8/05 12:37 pm Page 17

Chlár Leictreonach

Fóiliónna ar fáil go leictreonach

Ag deireadh 2003 bhí iomlán de 1,224,306 fóilió reatha agus na léarscáileanna pleananna comhdaithe a bhain leo ar fáil go leictreonach. I gcaitheamh 2004 d'fhás an figiúr seo go substaintiúil de thoradh ár dTogra um Íomháú Sonraí, ár gclár leanúnach gafa sonraí ar shean fhóiliónna agus cruthú fóiliónna nua. Faoi mhí na Nollag bhí 1,647,679 fóilió ar fáil mar a leanas.

ITRIS (Digitithe go hiomlán)		Íomháithe	Iomlán
Baile Átha Cliath	244,580	52	244,632
Iomlán don Réigiún	**244,580**	**52**	**244,632**
Sligeach	19,126	17,483	36,609
Maigh Eo	45,164	39,793	84,957
Gaillimh	65,850	48,939	114,789
An Clár	35,557	25,948	61,505
Ros Comáin	25,184	25,088	50,272
Iomlán don Réigiún	**190,881**	**157,251**	**348,132**
Lú	12,480	26,140	38,620
An Cabhán	9,368	28,001	37,369
Muineachán	6,779	23,859	30,638
Dún na nGall	23,390	63,483	86,873
Longfort	5,156	14,527	19,683
Liatroim	5,818	18,927	24,745
An Mhí	27,326	38,930	66,256
An Iarmhí	12,275	23,712	35,987
Iomlán don Réigiún	**102,592**	**237,579**	**340,171**
Cill Dara	35,101	28,621	63,722
Cill Mhantáin	19,896	19,657	39,553
Iomlán don Réigiún	**54,997**	**48,278**	**103,275**
Corcaigh	69,124	103,831	172,955
Port Láirge	18,331	23,205	41,536
Iomlán don Réigiún	**87,455**	**127,036**	**214,491**
Ciarraí	23,865	52,528	76,393
Luimneach	24,442	48,478	72,920
Tiobraid Árann	23,172	46,836	70,008
Iomlán don Réigiún	**71,479**	**147,842**	**219,321**
Laois	9,854	22,448	32,302
Uíbh Fhailí	9,325	21,909	31,234
Ceatharlach	7,376	16,166	23,542
Cill Chainnigh	10,805	25,785	36,590
Loch Garman	19,403	34,586	53,989
Iomlán don Réigiún	**56,763**	**120,894**	**177,657**
Iomlán	**808,747 (49.1%)**	**838,932 (50.9%)**	**1,647,679**

13497 Land Reg TXT IRE 31/8/05 12:37 pm Page 18

Teidil Cláraithe

Teidil cláraithe maidir le mórfhorbairtí

Leanadh den chlár do chéad chlárúcháin i gcaitheamh 2004 agus cláraíodh thart ar 7,500 teideal nua. Níl treoir san fhigiúr seo den líon teideal a bheidh ann ar deireadh thiar mar déanfaidh foroinnt agus léasanna ar mhórán de na teidil nuachláraithe seo méadú as cuimse ar seo. I measc na gcéad chlárúcháin bhí roinnt iarratas maidir le maoine suntasacha ar cláraíodh i gcaitheamh na bliana iad nó atá sa phróiseas clárúcháin faoi láthair. Orthu sin tá:

- Forbairt Sráidbhaile Margadh na Feirme
- Lárionad Bhaile Dhún Droma
- Suíomh Oifig na nOibreacha Poiblí /Eircom ar Bhóthar na hOtharlainne
- An Mol Digiteach
- Forbairt Tailte Dhuga Bhaile Átha Cliath ag Cé na Canálach Móire
- Teach Lána Beaux, Sráid Mercer, Baile Átha Cliath

Agus an dul chun cinn atá anois á dhéanamh i ndúshaothrú na dteicneolaíochtaí nua agus an acmhainn breise a thugann sin do Chlárlann na Talún tá an lá ag teacht le breathnú ar conas is ceart an clárúchán a mhéadú maidir leis na teidil atá fós gan a bheith cláraithe.

1. Teach Lána Beaux
Forbairt Oifige
Baile Átha Cliath 2.
Le caoin chead Michael McNamara & Co.

13497 Land Reg TXT IRE 31/8/05 12:37 pm Page 19

Aonaid Seirbhísí Custaiméara

Bunú aonaid lárnacha Seirbhíse do chustaiméirí

Bhí críochnú an Togra um Íomháú Doiciméid ina dheis tráthúil le hathbhreithniú a dhéanamh ar mhórán de na próisis a bhíodh de dhíth le tacaíocht a thabhairt do sheachadadh eochairsheirbhísí áirithe custaiméara. Dob é an tosaíocht (mar a léiríodh sna torthaí ar ár gcuid suirbhéireachtaí custaiméara a deineadh i 2001 agus 2004) ná infhaighteacht saorálach eolais agus cóipeanna deimhnithe de dhoiciméid. Go traidisiúnta níorbh fhéidir na seirbhísí sin a sholáthar ach go teoranta i.e. ba ghá freastal ar láthair áirithe chun doiciméad áirithe páipéar a iarraidh, agus ag an láthair sin níorbh fhéidir í a chur ar fáil ach do dhuine amháin sa turas. Tá soláthar na seirbhíse seo athruithe ó bhonn agus tá na fóiliónna agus na pleananna comhdaithe uile infhaighte le na n-iniúchtha ag custaiméirí, trí EAS óna n-oifigí féin más mian leo feidhm a bhaint as an rogha seo. Ina theannta sin, tá an tseirbhís ar fáil anois ó 8 r.n. go dtí 8 i.n, ó Luan go hAoine – ionann is dúbailt na n-uaireanta an chloig infhaighteachta traidisiúnta. Sa timpeallacht nua ní féidir a thuilleadh fóilió a chur sa chomhad mícheart, a chailliúint ná gan a bheith ar fáil mar gheall ar a bheith iarrtha roimhse sin ag duine eile agus is féidir le custaiméirí iomadúla feidhm a bhaint as an seirbhís chéanna ag an aon am amháin.

Tá infheistíocht suntasach déanta ag Clárlann na Talún ar chórais agus ar threalamh le blianta beaga anuas, agus tá seo ag seachadadh seirbhíse ardchaighdeáin dár gcustaiméirí anois. Le forbairt ar phróisis chóras go córas tosaíonn iarratas ó chustaiméir ar chóip deimhnithe de fhóilió/phlean ar-líne próiseas uathoibritheach seiceála agus priontála. Déantar próiseáil ar an mbealach seo ar bhreis is 80% de na hiarratais uile, agus ina dhiaidh sin déantar seiceáil, deimhniú agus eisiúint orthu laistigh de 24 uair an chloig ón am a dhéantar an t-iarratas. Comhartha ar a fheabhas is a d'oibrigh an córas seo is ea gur eisíodh 219,000 éigin cóip dheimhnithe de fhóiliónna agus de phleananna comhdaithe i gcaitheamh 2004 agus ag deireadh na bliana nach raibh ach 3,000 fós ar láimh rud is ionann agus ceithre lá ar an meán idir iarratas agus seachadadh. Ba cheart a thabhairt faoi deara go gcuimsíonn an riaráiste beag seo (nach bhfuil ann ó cheart ach riaráiste oibriúcháin) cásanna a bheadh á gceistiú agus cásanna a tháinig isteach sa phost nó de lámh agus nár bhain na custaiméirí lánleas as an gcóras uathoibritheach dóibh.

Ionaid Tacaíochta Custaiméara

Nuálacht eile a deineadh le bliain anuas ab ea forbairt ar ghlao-ionaid tiomnaithe in ár n-oifigí i mBaile Átha Cliath agus Port Láirge. Le teacht i bhfeidhm do ITRIS agus le críochnú an Togra Um Íomháú Doiciméid is féidir anois do ghrúpa tiomanta agus oilte den fhoireann eolas níos mó agus níos fearr a sholáthar, ná mar a bhí indéanta san am atá caite, do dhaoine a ghlaonn ar an teileafón. Faightear níos mó ná 500 glao in aghaidh an lae sna haonaid seo anois agus tugtar breis is 80% díobh chun críche ag an mball tosaigh den fhoireann. Déanann na haonaid áisiú chomh maith ar cheart-threoir a thabhairt do lucht glaoite nach féidir don chéad oifigeach a fuair an glao déileáil leo.

13497 Land Reg TXT IRE 31/8/05 12:37 pm Page 20

Deimhnithe Talún

I Meán Fómhair 2004 tugadh isteach athrú cleachtais maidir le Deimhnithe Talún tar éis comhairle a ghlacadh agus plé a dhéanamh le custaiméirí agus le grúpaí ionadacha. Le teacht do chlár leictreonach, clárúchán leictreonach agus Seirbhís Rochtana Leictreonach Chlárlann na Talún ba ghá breathnú ar úsáid páipéir sa phróiseas clárúcháin agus formáid, feidhm agus bheith ann do Deimhnithe Talún. Go praiticiúil tá stóráil slán agus síorláimhseáil agus síorphróiseáil na nDeimhnithe Talún mí-aimseartha agus sinn ag dul i dtreo tíolactha leictreonaigh. Is leor srachfhéachaint ar an liosta fógraí sa *Law Society Gazette* gach mí le scála na bhfadhbanna le Deimhnithe Talún atá caillte a thuiscint. Ualach mór costasach ar Chlárlann na Talún, ar aturnaetha agus ar deireadh thiar ar an bpobal i gcoitinne is ea é seo. Bhí rogha tugtha isteach ag Clárlann na Talún cheana féin, dar gairmeadh "Deimhniú Talún Fíorúil" mar nach n-eiseofaí aon doiciméad páipéar ach nóta i bhformáid leictreonach a chur ar an bhfóilió a rá cé dó a eisíodh an deimhniú.

Tar éis plé agus comhairle foilsíodh an t-athrú cleachtais sa *Law Society Gazette*, agus cuireadh fógra chuig na cleachtóirí uile agus tosaíodh air ar Mheán Fómhair 1ú. Tá níos mó éifeachta agus sábháil ar acmhainní atá tearc déanta ag an gcleachtas nua agus tá fáilte curtha roimhe ag na páirtithe leasmhara sa phróiseas tíolactha.

13497 Land Reg TXT IRE 31/8/05 12:37 pm Page 21

Cumann Eorpach

Cumann Eorpach um Chlárú Talún (ELRA)

Tá plé agus athphlé déanta le blianta ar chumann a bhunú mar fhóram ag a bpléifí agus a leathfaí smaointe maidir le Clárú Talún. Tháinig ionadaithe ó údaráis éagsúla Cláraithe Talún ar fud na hEorpa le chéile ag cruinnithe éagsúla faoi scáthchomhlachtaí éagsúla agus roinn siad smaointe agus taithí ar an gcleachtas is fearr ar a chéile. Ag cruinniú i Liospóin ar an 14ú Deireadh Fómhair 2004 bhunaigh na heagraíochtaí Cláraithe Talún ón nGréig, ó Éirinn, ó Thuaisceart Éireann, ón bPortaingéil, ó Albain agus ón Spáinn Cumann Eorpach um Chlárú Talún. Dhein Coimisiún na hEorpa áisiúlacht ar bhunú an chomhlachta nua agus beidh ballraíocht sa chumann oscailte do dhlínsí uile an Aontais Eorpaigh.

Is féidir a rá gurb é príomhchuspóir ELRA ná forbairt agus tuiscint ar ról talún, maoin réalaíoch agus margaí caipitil ag tabhairt tacaíochta do:

- Cinnteacht agus slándáil maidir le teidil talún agus idirbhearta maoine
- Forbairt ar mhargaí talún
- Reachtaíocht chuí
- Tionchar eacnamaíoch
- Trédhearcacht

Ollphrionsabal eile is ea é go ndíreofaí saothar ELRA ar chearta agus leasa an tsaoránaigh mar pháirtí leasmhar i margadh na maoine.

Tá sé i gceist go bhforbródh ELRA polasaí soiléir leis an haidhmeanna agus na cuspóirí sin a bhaint amach trí ghníomhaíochtaí coincréite na mballeagraíochtaí indibhidiúla. Is iad a phríomhchuspóirí ná:

- Tuiscint trasEorpach a fhorbairt ar cheisteanna chomhleasa.
- Oibriú go héifeachtach leis an Aontas Eorpach (AE) agus, mar is cuí, dul i bhfeidhm ar pholasaí agus ar fheidhmiúchán maidir le ceisteanna a bhaineann le hábhar. Is féidir go gcuimseodh seo bheith forghníomhach maidir le hionstraimí polasaí, reachtaíocht agus rialacháin a luaithe agus is féidir ar leibhéal a ndréachta.
- Oibriú le tríú páirtithe (e.g. institiúidí iasachtaithe agus comhlachtaí ionadaíochta) atá ag gabháil do fhorbairt mhargadh na talún san Eoraip.
- Deiseanna cuí oiliúna agus oideachais a lorg.
- Fóram fáilteach a sholáthar le smaointe, dea-chleachtas, eolas agus taithí a mhalartú. Ba chóir go gcuimseodh seo meicníocht le cinneadh a dhéanamh ar chomhcheisteanna, arbh fhéidir go n-oirfeadh iad a thabhairt i dtreo a chéile.

13497 Land Reg TXT IRE 31/8/05 12:37 pm Page 22

Seirbhís Eolais um Thalamh na hEorpa (EULIS)

Dob é an chéad aidhm ag EULIS ná scrúdú a dhéanamh ar cheisteanna a bhaineann soláthar rochtana ar eolas maidir le húinéireacht maoine thar teorainní, ag úsáid an idirlín mar mheán seachadtha, agus ar an mbealach sin coinníollacha níos fearr a chruthú do iasachtaithe agus iasachtóirí i margadh creidmheasa na hEorpa. Cuid tábhachtach dá leithéid de fhorbairt is ea cruthú rochtana idirnáisiúnta ar chláir thalún agus mhaoine. Faoi láthair, mar shampla, níl aon phrionsabail i bpáirt acu maidir le bailiú, stóráil ná rochtain a leithéid de eolas, ná ní ann do aon chomhchreat dlithiúil agus rialacháin. Tá na gníomhaireachtaí atá rannpháirteach i EULIS sásta oibriú lena chéile leis na deacrachtaí sin a shárú.

Tá léiritheoir don todhchaí cruthaithe ag EULIS ar Sheirbhís Eolais um Thalamh na hEorpa a sholáthróidh rochtain níos fearr ar eolas ar-líne ó ocht gcinn de chlárlanna náisiúnta talún. Cé go n-admhaítear gur beag éifeacht a bheidh ag EULIS ar na córais teicniúla atá ann faoi láthair, ciallaíonn forbairt ar réiteach píolóta go n-aithneofar aon ghá a bheadh ann le leasú i measc na n-eagraíochtaí rannpháirteacha agus a gcuid córas ríomhaireachta.

13497 Land Reg TXT IRE 31/8/05 12:37 pm Page 23

CUMANN EORPACH

Is iad na rannpháirtithe reatha i EULIS ná na comhlachtaí clárúcháin náisiúnta talún ó: An Ostair, Sasana agus an Bhreatain Bheag, an Fhionnlainn, an Liotuáin, an Ísiltír, an Norbhuaidh, Albain agus an tSualainn mar aon le Roinn Eolaíochta Eastáit Réadaigh Ollscoil Lund sa tSualainn.

Is féidir príomhchuspóirí EULIS a achoimriú mar seo a leanas:

- Imscrúdú ar reachtaíocht reatha maidir le hidirbhearta ar mhaoin réadach, córais chlárúcháin, córais mheiteashonraí, agus deifnídí agus téarmaíocht mar bhonn le bunú caighdeán agus comhthéarmaíochta a theastódh le seirbhís eolais talún trasEorpaigh a bhunú.;
- Forbairt a dhéanamh ar léiritheoir a fheidhmeodh go maith ag áireamh an chroíchórais, a bheidh mar chomhéadan idir na soláthróirí sonraí agus na húsáideoirí, comhdhéantasaigh cumarsáide idir an croíchóras agus na córais náisiúnta, agus an comhéadan i dtreo an chórais slándála agus an chórais íocaíochta;
- Fiosrúchán ar riachtanais an úsáideora mar bhonn do fhorbairt na seirbhíse eolais talún agus forbairt ar fheasacht agus eolas laistigh den phobal measta úsáideora;
- Forbairt ar shocruithe slándála agus ar mhodhanna láimhseála íocaíochtaí;
- Fiosrú ar an éifeacht a bheadh ag seirbhís eolais talún trasteorainní ar mhargadh na maoine réadaí san Eoraip.

Agus an togra tionscanta tugtha i gcrích, tá rannpháirtithe EULIS sásta anois dul ar aghaidh le feidhmiúchán ar sheirbhís oibriúcháin agus tá sé i gceist ag Clárlann Talún na hÉireann dul isteach i dtogra EULIS faoi dheireadh 2005.





1. Áras Cónaithe Mac Léinn na Tríonóide.
Le caoin chead Michael McNamara & Co.

2. Seangán 2C, Tithíocht Sóisialta, Baile Munna, Baile Átha Cliath 9.
Le caoin chead McGarry Ni Eanaigh Ailtirí

3. Aerfort Bhaile Átha Cliath
Le caoin chead Michael McNamara & Co.

13497 Land Reg TXT IRE 31/8/05 12:37 pm Page 24

Scrúdán Seachtrach

Mar aon le gach Roinn agus Oifig Rialtais tá na Clárlanna faoi réir ag scrúdan ag comhlachtaí áirithe seachtracha agus ar deireadh thiar tá a gcinnte uile faoi réir ag scrúdan na gCúirteanna. I gcaitheamh 2004:

- Tugadh freagra ar iomlán de 143 ceist Dála a chuir baill den Oireachtas
- Fuarthas 236 litir/léiriúchán ó TDanna agus Seanadóirí agus déileáladh leo
- Déileáladh le 12 litir a fuarthas ó Oifig an Ombudsman thar ceann saoránach maidir le 5 chás

Saoráil Faisnéise

Tugadh ceithre iarratas ar SF ar aghaidh ó 2003. Fuarthas 26 iarratas eile i 2004. Díobh sin tugadh deonadh amháin, deineadh páirtdeonú ar cheann amháin, diúltaíodh do cheann amháin agus tarraingíodh siar 25 ceann agus caitheadh leo lasmuigh de na hAchtanna SF. Ag deireadh 2004 bhí cás amháin fós beo.

Dhein an tOifigeach SF ionadaíocht i gcónaí ar an oifig ag Gréasán Úsáideoirí na Státseirbhíse agus ar an nGrúpa Oibre SF Idir-ranna.

An tAcht Cosanta Sonraí

Tháinig an tAcht Cosanta Sonraí (Leasú) 2003 i bhfeidhm ar an 1 Iúil 2003 agus tá an t-iniúchadh um Chosaint Sonraí a tosaíodh déanach i 2003 ag teacht chun críche. Is cuspóir don iniúchadh a fháil amach cad is leibhéal do bhainistíocht na dtaifead agus cad iad na ceisteanna gur ghá aghaidh a thabhairt orthu d'fhonn deimhin a dhéanamh de go ngéilltear do Acht 2003. Táirgeofar polasaí um Chosaint Sonraí do na Clárlanna i 2005.

1. Coill na Silíní, Foirgneamh oifige agus ionad páirce, Baile Átha Cliath 18
   Le caoin chead McGarry Ni Eanaigh Ailtirí.
2. Clinic Príobháideach Leighis na Gaillimhe, Gaillimh
   Le caoin chead Michael McNamara & Co.

13497 Land Reg TXT IRE 31/8/05 12:37 pm Page 25

Rialúcháin Iniúchta

Déanann oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh rialta ar ár bpróisis chuntasaíochta. Déanann an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí rialúcháin um iniúchadh inmheánach a chothabháil ag teacht le moltaí Thuarascáil Mullarkey.

Grúpa Dearbhaithe Feidhmiúcháin

Cuireadh dhá thuarascáil ar Phlean Gníomhaíochta na gClárlanna faoi Bhuanú an Dul Chun Cinn faoi bhráid Ghrúpa Seachtrach Dearbhaithe Feidhmiúcháin i gcaitheamh 2004. Dhein an Grúpa na tuarascála a scrúdain agus dhearbhaigh siad dul chun cinn sásúil ar chlár nua-aoisithe na gClárlann. Deineadh athbhreithniú agus nuashonrú ar an bPlean Gníomhaíochta i Mí na Nollag 2004 ag teacht leis na tiomantais faoi athbhreithniú meántéarma de Bhuanú an Dul Chun Cinn.

Grúpa Fócais Custaiméara

Ó bunaíodh an grúpa seo go luath i 2000 tá soláthar déanta aige ar fhóram fíorluachmhar le casadh le hionadaithe custaiméara len iad a chur ar an eolas agus le deis a thabhairt dóibh cur le forbairtí ón stáid is luaithe is féidir. Leanadh den phróiseas sin i gcaitheamh 2004 nuair a tháinig an grúpa le chéile ceithre huaire. Bhí teagmháil rialta ann chomh maith leis na baill comhdhéantasacha i gcaitheamh na bliana chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna ar leith a bhí ábharach dóibh.

13497 Land Reg TXT IRE 31/8/05 12:38 pm Page 26

Mapáil Digiteach

Tosú ar Thogra Digiteach Mapála

Ó ullmhaíodh ár gcéad phlean straitéise i 1990 i leith tá soláthar chórais "slán" le tacaíocht a thabhairt don phróiseas uile chlárúcháin ina rud bunúsach. Agus éirithe leis an Slán-Chóras Eolais um Chlárúchán Teidil (ITRIS), an tSeirbhís Rochtana Leictreonach (EAS) agus an togra um Íomháú Doiciméid is é an rud loighiciúil is cóir a dhéanamh leis an rud a iomlánú ná léarscáil digiteach a sholáthar. I gcaitheamh 2003 agus 2004 deineadh móriarracht le cúnamh agus tacaíocht sainchomhairleach an chás gnó a ullmhú agus a chur i láthair agus ina dhiaidh sin an chistíocht a fháil leis an togra a thosú. Tar éis mórán pléite tugadh faomhadh agus cead an Roinn Airgeadais don chás gnó i gcaitheamh 2004, deineadh soláthar buiséide don infheistíocht ilbhliantúil agus tá an togra tosaithe anois.

Cuimsíonn céim reatha an togra a thosaigh i Meán Fómhair 2004 iomaíocht faoi rialacha soláthair an AE do cheannach na gcrua-earraí cuí, na mbogearraí agus na seirbhísí gaolmhara agus do aistriú sonraí ó pháipéar go formáid digiteach. Is é is ollchuspóir ná córas a sholáthar a cheanglóidh gan briseadh leis an gcóras ITRIS atá ann cheana féin agus a sholáthróidh nasc díreach idir an t-eolas téacsach (na fóiliónna) agus an t-eolas grafach (an léarscáil). Meastar go dtabharfar amach an conradh i Meitheamh 2005. Nuair a bheidh an córas forbartha beidh sé ar fáil don fhoireann tríd an ITRIS agus do chustaiméirí tríd an EAS agus cumasóidh sé úsáideoirí le cuardach léarscála a dhéanamh ar-líne.

13497 Land Reg TXT IRE 31/8/05 12:38 pm Page 27

Clárlann na nGníomhas

Clárlann na nGníomhas – Straitéis Seachadtha Leictreonach Seirbhíse

I 2003, thosaigh na Clárlanna ar straitéis nua a ullmhú do sheachadadh ár gcuid seirbhísí i gClárlann na nGníomhas d'fhostaigh sainchomhairleoirí le straitéis réalaíoch ríomhsheachadtha seirbhíse indéanta a ullmhú don eagraíocht.

Dob iad príomhfhíorais na tuarascála ná:

- D'fhonn sruthlíniú a dhéanamh ar thacaíocht, ardán seasmhach a sholáthar do straitéisí leanúnacha gnó, slánú níos fearr le feidhmeanna gnó sna Clárlanna faoi láthair a aclú, agus le feabhas a chur le cost-éifeacht, gur chóir an teicneolaíocht a bhí mar bhonn taca ag feidhmiúchán na seirbhíse reatha a athsholáthar le teicneolaíocht a thiocfadh go dlúth leis an ailtireacht atá cheana féin mar bhonn taca na bhfeidhmeanna gnó-chriticiúla i gClárlann na Talún.
- Gur chóir rochtain ar-líne ar bhunachar sonraí ar thaifid na heagraíochta a sholáthar do chustaiméirí Chlárlann na nGníomhas. Dar leis an tuarascáil gurbh fhearr a bhainfí seo amach trí rochtain a sholáthar trí Sheirbhís reatha Rochtanna Leictreonach Chlárlann na Talún (EAS).
- Ba chóir innéacsú Chlárlann na nGníomhas a shíneadh agus a shimpliú trí fheidhm a bhaint as meicníochtaí cuardaigh níos ábharbhunaithe, den leithéid a úsáidtear sna hinnill cuardaigh de chineál gréasáin agus brabhsálaithe nua-aoiseacha.

Tá cleachtas ceannacháin ar bun faoi láthair le conraitheoir a roghnú leis na seirbhísí agus an teicneolaíocht a sholáthar chun a bhfuil thuas a tabhairt i gcrích.

13497 Land Reg TXT IRE 31/8/05 12:38 pm Page 28

Tuarascáil Airgeadais

Ioncam

Fuair na Clárlanna táillí i bhfoirm airgid, seiceanna, dleacht stampaí etc. ar €64.1m i 2004 i gcomparáid le €56.7m i 2003. Ba mhéadú de €7.4m nó 13% é seo ar ioncam 2003.

Caiteachas

Tháinig fíorchaiteachas ó Vóta 2004 do Chlárlann na Talún agus Chlárlann na nGníomhas go dtí €33.3m (i gcomparáid le €31.4m i 2003 – méadú de 6%), rud is ionann agus breis de €30.8m ag ioncam ar chaiteachas (i gcomparáid le 25.3m i 2003).

Den iomlán de €33.3m, caitheadh €25.6m ar Thuarastail agus ragobair; dob ionann seo agus 77% den chaiteachas (i gcomparáid le 72% i 2003). I 2004 d'ardaigh an caiteachas ar thuarastail €2.7m nó 12.7% ó 2003.

Shroich caiteachas reatha do 2004 €31.2m i gcomparáid le €27.7m i 2003 (ardú de €3.5m).

Shroich caiteachas caipitil do 2004 €2.1m i gcomparáid le €3.7m i 2003 (laghdú de €1.6m).

Agus na costais seo a leanas san áireamh:

- €2.2m faoi Vóta 7 (Aoisliúntais agus Blianachtaí Scoir)
- €3.6m faoi Vóta 10 (Oifig na nOibreacha Poiblí)

  (reatha €2.9m agus caipitil €698k)
- €3.9m cíosanna nóiseanacha ar mhaoin Stáit

ionann an t-iomlán caiteachas i 2004 agus méadú go dtí €42.9m rud a fhágann breis ioncaim nóiseanaigh ar chaiteachas de €21.2m (i gcomparáid le €15.4m i 2003).

Ionann an t-iomlán agus ardú de €1.6m nó 3.9% ó 2003.

Barrachas/Easnamh bunaithe ar chuntasaíocht Fabhraithe

Mar atá rianaithe bhí teacht isteach airgid de €64.1m ag na Clárlanna i 2004 agus deineadh caiteachas airgid de €33.3m – barrachas de €30.8m i dtéarmaí srutha airgid. Ar a shon sin ní fíorphictiúr de bhrabúsacht na gClárlanna é mar ní áiríonn sé roinnt áirithe costais chriticiúla trádála:

- Costais nóiseanacha ar íocaíochtaí aoisliúntas do fhostaithe ar scor, costais chóiríochta ar shé fhoirgneamh agus costais a bhaineann le seirbhísí a sholáthair ranna eile rialtais - nuair a chuirtear iad seo san áireamh titeann an barrachas de €30.8m go dtí €21.2m.
- Tá soláthar ar chostais breise i leith mhaoiniú iomlán pinsin don fhoireann atá ann measta do 2004, bunaithe ar ráta síntiúis de 22.1%, ríofa ar €3.1m.

13497 Land Reg TXT IRE 31/8/05 12:38 pm Page 29

De réir ghnás na tionsclaíochta ba chóir athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfigiúr seo. Ar a shon sin ba ghá athbhreithniú iomlán achtúire chuige sin.

> I gcaitheamh 2004 laghdaíodh an riaráiste déileála, agus dá réir sin, tá na réamhaíochtaí ina gcreidmheas faoi na fabhruithe. Tá na táillí a iocadh i leith riaráistí iarratas measta ag €1m. Ba chóir a thabhairt faoi deara nach bhfuil aon eilimint airgid don suim seo ag fabhrú do na Clárlanna mar íoctar na táillí uile leis an Státchiste.

Nuair a chuirtear na míreanna seo san áireamh is ann do bharrachas de €21.3m. do 2004 i gcomparáid le €9.6m i 2003.

Aonad Airgeadais

I gcaitheamh 2004 eisíodh 15,000 éigin aisíoc ar tháillí iomarcacha dar luach €1.6m do chustaiméirí a íoc táillí iomarcacha. Bhí próiseáil oiread sin aisíoc ina ualach trom ar an Aonad Airgeadais.

D'ullmhaíodh agus d'aontaíodh na meastacháin airgeadais. Chuidigh an tAonad Airgeadais le próisis an bhuiséid ilbhliantúil trí bliana agus sholáthair eolas airgeadais don mBord Eatramhach ar bhonn rialta i gcaitheamh 2004.

13497 Land Reg TXT IRE 31/8/05 12:38 pm Page 30

Achoimre Airgeadais 1993 go dtí 2004

Bliain	Ioncam	Caiteachas	Barrachas feidhmiúcháin (Easnamh)
1993	17,827,745	15,945,370	1,882,374
1994	20,423,893	16,435,128	3,988,765
1995	20,828,992	18,408,683	2,420,309
1996	22,928,402	17,914,884	5,013,518
1997	25,223,579	23,139,419	2,084,161
1998	26,318,600	22,715,105	3,603,495
1999	30,520,749	25,112,953	5,407,795
2000	43,241,436	27,101,290	16,140,146
2001	46,940,178	33,748,457	13,191,721
2002	46,756,661	37,926,803	8,829,858
2003	56,722,653	41,287,974	15,434,679
2004	64,069,840	42,903,579	21,166,261



13497 Land Reg TXT IRE 31/8/05 12:38 pm Page 31

Aguisín 1

Sruthoibre Chlárlann na Talún – Gach Catagóir

Ar mhaithe le comparáid tuann an tábla seo na figiúir do 2004, 2003 agus 2002 ar an 31 Nollaig.

Cineál Iarratais	Bliain	Isteach	Aschur	Cásanna faoi cheist	Obair idir lámha
Déileála	2004	197,534	201,308	41,233	122,445
	2003	184,585	171,601	36,308	133,334
	2002	152,898	151,717	34,905	119,516
Cásanna Scrúdaitheora agus Alt 49	2004	4,491	3,980	4,100	5,042
	2003	4,571	3,676	4,012	4,524
	2002	5,640	4,099	3,107	5,184
Iarratais Bhunchíosa	2004	1,629	1,440	748	615
	2003	1,233	1,256	724	387
	2002	1,261	1,462	766	368
Cásanna Choimisiún na Talún	2004	515	527	784	5,146
	2003	672	1,970	621	5,326
	2002	245	2,099	524	6,721
Deimhnithe Talún	2004	44,729	45,615	*	1,740
	2003	28,321	28,879		2,331
	2002	34,087	34,594		2,472
Pleananna Comhdaithe agus Cóipeanna de fhóiliónna	2004	216,260	219,070	*	3,620
	2003	205,121	216,066		6,522
	2002	182,175	182,234		17,801
Scéim Faofa Léarscála	2004	1,859	2,120	*	606
	2003	1,569	2,314		881
	2002	N/A	N/A		
Cóipeanna de Ionstraimí	2004	10,568	10,043	*	1,797
	2003	8,181	7,934		1,259
	2002	8,144	8,007		1,012
Cuardaigh Léarscála	2004	5,310	5,248	*	167
	2003	3,882	3,899		105
	2002	4,848	4,838		122
Deimhnithe ar Mhuirir	2004	68,495	68,493	*	180
	2003	54,542	54,551		195
	2002	19,520	19,654		204

Nóta: Mar gheall ar chóras nua cuntasaíochta sruthoibre a thabhairt isteach agus athchatagóiriú ar iarratais i rith 2002 agus 2003, d'éirigh mion aimhrialtacht i gcothromú na bhfigiúir.

*Níl an líon de chásanna atá faoi cheist suntasach sna catgóirí seo.

13497 Land Reg TXT IRE 31/8/05 12:38 pm Page 32

Aguisín 2

Pearsanra Chlárlann na Talún agus Chlárlann na nGníomhas

Ar an 31ú Nollaig 2004 bhí:

- iomlán de 700 duine, i 651.6 post dlithiúil, riaracháin agus teicniúil, ag obair sna Clárlanna.
- Bhí 141 den fhoireann ag baint leasa as roghanna comhroinnte oibre.
- D'fhág 52 den fhoireann na Clárlanna i 2004 trí éirí as, dul ar scor, aistrithe agus sosanna gairme.
- Earcaíodh 40 oifigeach lánaimseartha, 21 Oifigeach Cléireachais sealadacha agus 7 Línitheoir Mapála trí Choimisiún na Státseirbhíse (seirbhís na gCeapachán Poiblí anois).

Leanann na Clárlanna orthu ag tairiscint raon de shocruithe oibre um chothromaíocht oibre/baile don fhoireann, ag áireamh fleisc-am, comhroinnt oibre agus saoire le linn téarma.

13497 Land Reg TXT IRE 31/8/05 12:38 pm Page 33

Gluais ar théarmaí

Cóip Deimhnithe de Fhóilió agus de Phlean Comhdaithe
Déantar taifead de gach teideal cláraithe ar fhóilió ar leith. I dteannta a chéile is iad na fóiliónna "An Clár". Leagann fóilió amach mionsonraí na maoine, úinéireacht na maoine agus mionsonraí ar aon ualaigh, chearta, agus mhuirir a mbeadh éifeacht acu ar an maoin. Plean Comhdaithe is ea plean nó léarscáil den mhaoin ar féidir é a bheith ceangailte de agus comhlachaithe leis an bhfóilió.

Cóip Deimhnithe de Fhóilió
Cóip de fhóilió ann féin gan chóip den phlean comhdaithe.

Cóip Deimhnithe de Ionstraim
Is é is ionstraim ann na doiciméid uile teidil a choinníonn Clárlann na Talún tar éis clárúcháin ar leith. Is féidir cóip deimhnithe a eisiúint do na páirtithe a bhíonn i gceist nó do aturnae ag feidhmiú thar a gceann.

Deimhniú Muirir
Deimhniú muirir is ea doiciméid a dheimhníonn úinéireacht mhuirir atá cláraithe ar Chuid a 3 de fhóilió.

Déileáil
Téarma aicmeach is ea déileáil ar na catagóirí éagsúla iarratas ar chlárúchán a dhéantar ar Chlárlann na Talún. Is féidir "déileáil" a bheith ina iarratas amháin nó ina bheart de iarratais a dhéantar ag an aon am amháin agus a uimhríodh agus a comhairíodh mar aon go traidisiúnta.

Seirbhís Rochtana Leictreonach (EAS)
Is é EAS an comhéadan poiblí ar ITRIS (Bunachar Sonraí Úinéireachta Chlárlann na Talún) trínar féidir do chustaiméirí fóiliónna agus léirscáileanna comhdaithe a bhaint amach, a fheiscint agus a chló, mionsonraí a fháil ar iarratais atá ar feitheamh maidir le fóiliónna agus iarratais a thaisceadh ar sheirbhísí éagsúla. Tá na seirbhísí seo ar tairiscint ar an idirlíon tríd an suíomh gréasáin www.landregistry.ie.

Scrúdaitheoirí agus Iarratais faoi Alt 49
Iarratais ar theideal a chlárú i gClárlann na Talún don chéad uair ina gcaitheann foireann phroifisiúnta dlí (Scrúdaitheoirí Teidil) Chlárlann na Talún scrúdú a dhéanamh ar an teideal. Iarratais faoi Alt 49 – chun teideal a fháil bunaithe ar "sheilbh chodarsnach " – déanann baill fhoirne sinsearacha agus Scrúdaitheoirí Teidil déileáil leo. De ghnáth is cásanna casta iad na hiarratais seo agus is gá mionfhiosrú a dhéanamh ar an teideal. Is próiseas é a thógann mór chuid ama.

Bunchíosanna
Déanann Clárlann na Talún próiseáil ar iarratais ó Léasaithe gur mian leo "a mbunchíosanna a cheannach" faoin Acht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí 1978. Nuair atá an ceannach déanta tig leis an iarratasóir a leas a chlárú i gClárlann na nGníomhas nó i gClárlann na Talún mar is cuí. Cé go bhfuil laghdú ag teacht ar an réimse seo le blianta beaga anuas tá próiseáil déanta ar bhreis is 75,000 iarratas dá leithéid ó 1978 i leith.

Slánchóras Eolais um Chlárú Teidil (ITRIS)
Is é ITRIS an córas leictreonach cúlra a úsáideann foireann Chlárlann na Talún go

13497 Land Reg TXT IRE 31/8/05 12:38 pm Page 34

hinmheánach chun iarratais a phróiseáil agus le stóráil a dhéanamh ar fhóiliónna agus eolas cásoibre a bhaineann le hábhar.

Deimhnithe Talún
Doiciméad is ea Deimhniú Talún a eisíonn Clárlann na Talún ar iarratas agus a dheimhníonn úinéireacht maoine ar leith agus gur féidir a chur i ngeall mar urrús. Tugtar "Gníomhas teidil" air go coitianta - cé nach bhfuil sin ró-chruinn – cur síos a oireann níos fearr do na doiciméid a shealbhaítear nuair nach bhfuil an mhaoin cláraithe le Clárlann na Talún.

Cásanna Choimisiún na Talún
Tugtar Cásanna Choimisiún na Talún nó Sceidil CTÉ ar iarratais ó Choimisiún na Talún ar Chomhaontaithe Ceannacháin agus Orduithe Dílseacháin a chlárú.

RAMIS
Is é seo a thugtar ar Chóras Bainistíochta Eolais um Achoimreachtaí Chlárlann na nGníomhas. Is é an córas ríomhairithe inmheánach é a úsáidtear le heolas a iontráil agus a stóráil tar éis clárúcháin agus a sholáthraíonn torthaí chuardach ina dhiaidh sin.

Cuardaigh
I ngnó an tíolactha tá níos mó ná ciall amháin leis an téarma "cuardach". Tig leis cuimsiú a dhéanamh ar Chlárlann na Talún agus Chlárlann na nGníomhas agus raon de réimsí eile inar féidir do cheannaitheoirí nó morgáisteoirí /morgáistithe nó páirtithe eile leasmhara. Faoin gceannteideal seo táimid ag tagairt do chuardach i gClárlann na Talún mar is féidir cineálacha éagsúla "cuardaigh" a dhéanamh:

- Cuardach innéacs na nAinmneacha. Nuair nach bhfuil ar eolas ach ainm an úinéara cláraithe agus gur gá an fóilió nó na fóiliónna ar a bhfuil an úinéireacht cláraithe a aithint.
- Scrúdú ar Fhóilió. Tig leis seo leanúint ar chuardach ar innéacs na n-ainmneacha nó má tá uimhir an fhóilió ar eolas cheana féin is féidir an fóilió a scrúdú láithreach bonn.
- Scrúdú ar léarscáil. Nuair nach eol ainm an úinéara cláraithe, uimhir an fhóilió ná uimhir an phlean ach gur féidir an mhaoin a aithint ar ár léarscáil ónar féidir uimhir phlean agus ina dhiaidh sin uimhir fóilió a sholáthar..
- Cuardach ar innéacs bhaile fearainn. Is féidir seo a úsáid nuair nach eol ainm an úinéara ná uimhir an fhóilió don mhaoin ach gurb eol tagairt an phlean – b'fhéidir ó scrúdú a dhéanamh ar ár léarscáil nó ar léarscáil de mhaoin ar chomhtheorainn. Aithneoidh cuardach ar innéacs bhaile fearainn uimhir an fhóilió gur féidir a scrúdú ansin.
- Cuardach oifigiúil ar léarscáil. Más féidir le duine áit a mharcáil ar léarscáil oiriúnach agus é a chur chuig Clárlann na Talún is féidir cuardach oifigiúil ar léarscáil a dhéanamh chun uimhir an fhóilió agus an úinéir a aithint agus is féidir na torthaí a dheimhniú don iarratasóir.

Urscaoileadh
Urscaoileadh is ea clárúchán i gClárlann na nGníomhas nuair a admhaíonn iasachtóir go bhfuil an t-airgead a bhí dlite ar an morgáiste aisíoctha.

13497 Land Reg TXT IRE 31/8/05 12:38 pm Page 35

Teagmhálaithe

Clárlann na Talún

Tá ceithre chomhoifig in Ard-Oifig Chlárlann na Talún:

1: Sráid na Seansaireachta, Baile Átha Cliath 7

Fón: (01) 670 7500 nó LoCall 1890 333 001

Oifig Phoiblí ar Oscailt: 10.30r.n.-4.30i.n.

- Grúpaí Oibre Tíreolaíocha do Chontaetha an Chabháin, Dhún na nGall, Liatroma, Longfort, Lú, na Mí, Mhuineacháin, na hIarmhí

2: Bloc 1, Urlár 1, Irish Life Centre, Sráid na Mainistreach Íochtarach, Baile Átha Cliath 1

Fón: (01) 670 7500 nó LoCall 1890 333 001

Oifig Phoiblí ar Oscailt: 10.30r.n.-4.30i.n.

- Grúpaí Oibre Tíreolaíocha do Chontaetha Chill Dara, Chill Mantáin
- Bunchíosanna do na contaetha uile.

3: Foirgneamh Nassau , Lárionad Setanta, Sráid Thobar Phadraig , Baile Átha Cliath 2

Fón: (01) 670 7500 nó LoCall 1890 333 001

Oifig Phoiblí ar Oscailt: 10.30r.n.-4.30i.n.

- Grúpaí Oibre Tíreolaíocha do Chontaetha an Chláir, Bhaile Átha Cliath, na Gaillimhe, Mhaigh Eo, Ros Comáin, Shligigh.

4: Bóthar Chorcaí, Port Láirge

Fón: (051) 303 000 nó LoCall 1890 333 002

Oifig Phoiblí ar Oscailt: 10.30r.n.-4.30i.n.

- Grúpaí Oibre Tíreolaíocha do Chontaetha Cheatharlach, Chorcaí, Chiarraí, Chill Chainnigh, Laoise, Luimnigh, Uíbh Fhailí, Thiobraid Árann, Phort Láirge, Loch Garman.

Clárlann na nGníomhas

Déileáileann leis na Chontaetha uile

Seoladh: Sráid Henrietta, Baile Átha Cliath 1

Fón: (01) 670 7500 nó LoCall 1890 333 001

Oifig Phoiblí ar Oscailt: 10.00r.n.-4.30i.n.

Bunchíosanna

Déileálann leis na contaetha uile

Seoladh: Bloc 1, Urlár 1, Irish Life Centre, Sráid na Mainistreach Íochtarach, Baile Átha Cliath 1

Fón: (01) 670 7500 nó LoCall 1890 333 001

Oifig Phoiblí ar Oscailt: 10.30r.n.-4.30i.n.

www.landregistry.ie

13497 Land Reg TXT IRE 31/8/05 12:38 pm Page 36

Notaí

13497 Land Reg COV IRE 31/8/05 12:49 pm Page 2

Ár misean

Cosaint ar chreatlach dlithiúil, sóisialta agus eacnamaíochta úinéireachta maoine

Ráth na Leithcheathrún Sligeach (Le caoin chead An Roinn Comhshail, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil)